**Timire Gaeilge, Buan**
**Comórtas Oscailte**
**Ref: GR26 – 0563**

Soláthraíonn Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillime agus Ros Comáin (GRETB) seirbhísí oideachais laistigh de chontaetha na Gaillimhe agus Ros Comáin. Tá 21 scoil aige agus 40 Ionad Breisoideachais agus Oiliúna. Tá breis agus 2000 ball foirne fostaithe ag GRETB, níos mó ná 27,000 foghlaimeoir agus tá buiséad isteach is amach le €150m aige. Is i gContae na Gaillimhe atá an Ghaeltacht is mó sa tír, agus an Ghaeltacht leis an líon is mó daoine. Gné bunriachtanach de chroí-sheirbhís GRETB is ea an Ghaeilge a chur chun cinn. Tá ocht gColáiste lán-Ghaeilge/Gaeltachta ag GRETB agus tá roinnt dá Ionaid Breisoideachais agus Oiliúna i gConamara á reáchtáil trí Ghaeilge chomh maith.

| | |
|---|---|
| **Teideal an phoist** | Timire Gaeilge, Buan<br>(Comórtas Oscailte) |
| **Tionacht an Phoist** | Buan |
| **Luach Saothair** | CL 0056/2026 Scála múinteora móide liúntas PC1/AP1 €10,728<br><br>De réir threoirlínte na Roinne Oideachais, tosóidh daoine nua atá ag dul isteach sa ghrád seo den chéad uair ag íosphointe an scála. D'fhéadfadh feidhm a bheith ag creidmheas incriminteach, áfach, sa chás gur Státseirbhíseach nó Seirbhíseach Poiblí an té a cheapfar díreach roimh a c(h)eaptha. D'fhéadfaí an ráta luach saothair a athrú ó am go chéile ag teacht le beartas pá an Rialtais. |
| **Suíomh** | Is sa Rannóg Seirbhísí Corparáideacha i gCeanncheathrú ETB na Gaillimhe agus Ros Comáin, i mBaile Átha an Rí, Co na Gaillimhe a bheidh an sealbhóir poist lonnaithe ar a c(h)eapadh dó nó di, agus d'fhéadfaí é nó í a bhogadh go dtí suíomh eile nó réimse feidhmeach eile den eagraíocht de réir mar a éilítear é. |
| **Uaireanta Oibre** | Tá seachtain oibre 35 uair i bhfeidhm.<br><br>D'fhéadfaí na huaireanta a athrú ó am go chéile de réir Chomhaontuithe na hEarnála Poiblí. |
| **Saoire Bhliantúil** | Is 30 lá an teidlíocht do Shaoire Bhliantúil sa phost seo. |
| **Cáilíochtaí Riachtanacha** | • Múinteoir Gaeilge atá láncháilithe faoi rialacha Meamraim V7 agus a bheith cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta (Bealach 2)<br>nó<br>• A bheith ina m(h)úinteoir bunscoile agus a bheith cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta (Bealach 1)<br>agus<br>• Cúig bliana taithí mar mhúinteoir Gaeilge, nó mar mhúinteoir bunscoile, nó mar Oifigeach Gaeilge. |
| **Cáilíochtaí Inmhianaithe** | • Cáilíocht creidiúnaithe aitheanta in aistriúchán Gaeilge<br>• Buneolas maith ar an gcreat dlí, rialála agus rialachais a n-oibríonn GRETB laistigh de, go háirithe i ndáil leis an nGaeilge |

| | |
|---|---|
| | • Duine atá in ann gníomhú as a stuaim féin, atá pointeáilte agus dírithe ar thorthaí<br>• Scileanna maithe pleanála agus eagrúcháin, agus an cumas tascanna a chur in ord tosaíochta<br>• Ardscileanna cumarsáide ó bhéal agus scríofa, i mBéarla agus i nGaeilge araon, lena n-áiritear idirbheartaíocht, scríobh tuarascálala agus scileanna láithreoireachta agus agallaimh.<br>• Scileanna maithe idirphearsanta agus comhoibríocha lena n-áirítear an cumas oibriú go héifeachtach le raon leathan páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha<br>• Scileanna maithe ceannaireachta, eagrúcháin agus TF. |
| **Cur Síos ar an bPost** | D'fhéadfadh athrú teacht ar dhualgais agus freagrachtaí an phoist ó am go chéile, gan carachtar ginearálta na ndualgas a athrú, ná an méid freagrachta atá i gceist. D'fhéadfaí a iarraidh ar shealbhóir an phoist, mar sin, dualgais a chomhlíonadh atá cuí don phost, seachas iad sin atá sonraithe thíos, agus glacadh le treoracha ó Oifigeach cuí nó a leithéid d'Oifigeach is a d'fhéadfadh a bheith ainmnithe ó am go chéile ag an GRETB, agus tuairisciú don duine sin. |
| **Príomhdhualgais** | • An Ghaeilge a chur chun cinn i Scoileanna, Ionaid agus Ceanncheathrú GRETB<br>• Oibriú le Stiúrthóirí GRETB chun tacú le teagasc agus le foghlaim trí Ghaeilge sa GRETB<br>• Maoirseacht agus monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh GRETB lena dhualgais reachtúla maidir leis an nGaeilge<br>• Cáipéisí, comharthaíocht agus comhfhreagras a aistriú.<br>• Gníomhaíochtaí co-churaclaim agus seach-churaclaim a eagrú do scoileanna.<br>• Réitigh TF a chur chun cinn agus a chur chun feidhme chun feabhas a chur ar éifeachtacht san eagraíocht<br>• Naisc láidre a chothú le heagraíochtaí páirtithe leasmhara a thacaíonn leis an nGaeilge agus le pobail Ghaeltachta sa réigiúin<br>• Ionadaíocht a dhéanamh thar ceann GRETB ar choistí inmheánacha agus seachtracha a mbítear ag déileáil leis an nGaeilge, cultúr agus oidhreacht na hÉireann, agus an Ghaeltacht<br>• A bheith i mbun teagmhála rialta leis an bhFoireann Cumarsáide chun seirbhísí meáin agus cumarsáide i nGaeilge a chur ar fáil don eagraíocht, lena n-áirítear preaseisiúintí a scríobh, postálacha a uaslodáil ar na meáin shóisialta agus ábhar don láithreán gréasáin, chomh maith le hagallaimh a dhéanamh i nGaeilge nuair is gá<br>• A bheith i mbun teagmhála le rannóg Foghlama agus Forbartha Gairmiúla GRETB chun deiseanna oiliúna Gaeilge a chur ar fáil don fhoireann, agus iad a chur chun cinn<br>• Tacú le comhoibriú idir scoileanna chun rannpháirtíocht piara daltaí leis an nGaeilge a spreagadh mar aon leis an bhfoghlaim<br>• Ionadaíocht a dhéanamh don GRETB ar bhoird agallaimh.<br>• Maoirseacht agus comhordú a dhéanamh ar gach scoláireacht agus tionscadail/cláir eile arna dtairiscint ag GRETB chun tacú leis an nGaeilge |

| | |
|---|---|
| | • Gach dualgas eile a d'fhéadfaí a bheith sannta ag an bPríomhfheidhmeannach, Stiurthóir OSD nó Ceann na Seirbhísí Corparáideacha |
| **Inniúlachtaí** | • Ceannaireacht Foirne<br>• Nuálaíocht agus Cruthaitheacht<br>• Anailís agus Cinnteoireacht<br>• Torthaí a Bhainistiú agus a Sheachadadh<br>• Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide<br>• Saineolas agus Féin-Fhorbairt |
| **Sláinte** | Ní mór d'iarrthóir don oifig, agus aon duine atá i mbun na hoifige, a bheith go hiomlán inniúil agus in ann tabhairt faoi na dualgais a bhaineann leis an oifig, agus a bheith sách sláintiúil le go dtabharfaí le fios go bhfuil sé le tuiscint go réasúnta go mbeidh sé nó sí in ann seirbhís rialta agus éifeachtach a sholáthar. |

| | |
|---|---|
| **Carachtair** | Ní mór d'iarrthóirí:<br>• An t-eolas agus an cumas a bheith acu dualgais an phoist atá i gceist a chomhlíonadh;<br>• A bheith oiriúnach maidir le carachtar;<br>• A bheith oiriúnach le haghaidh a c(h)eaptha don phost atá i gceist maidir le gach gné ábhartha eile;<br><br>Má éiríonn leis nó léi, ní cheapfar don phost iad:<br>• mura n-aontaíonn siad tabhairt faoi na dualgais a bhaineann leis an bpost agus mura nglacann siad leis na coinníollacha a bhfuil na dualgais le comhlíonadh fúthu, nó a d'fhéadfadh na dualgais a bheith le comhlíonadh fúthu agus<br>• mura bhfuil sé nó sí go hiomlán inniúil agus in ann tabhairt faoi na dualgais a bhaineann leis an bpost. |
| **Riachtanas Saoránachta** | Is gá go gcomhlíonfadh iarrthóirí incháilithe gach a leanas:<br>a) Saoránach de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (EEA). Is éard atá san EEA ná Ballstáit an Aontais Eorpaigh (AE), na hÍoslainne, Lichtinstéin agus na hIorua; nó<br>b) Saoránach de chuid na Ríochta Aontaithe (UK); nó<br>c) Saoránach de chuid na hEilbhéise de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilbhéis ar shaorghluaiseacht daoine; nó<br>d) Saoránach nach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (EEA) iad ach ar céile nó leanbh iad de shaoránach EEA nó na Ríochta Aontaithe nó ar Saoránach de chuid na hEilbhéise iad agus a bhfuil víosa stampa 4 acu; nó<br>e) Duine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta bronnta orthu faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015 nó aon bhall teaghlaigh atá i dteideal fanacht sa Stát de bharr athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 acu; nó<br>f) Saoránach nach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (EEA) iad ach ar tuismitheoir iad de leanbh cleithiúnach, ar saoránach iad, agus iad ina gcónaí, i mballstát EEA nó na Ríochta Aontaithe nó na hEilbhéise agus a bhfuil víosa stampa 4 acu.<br><br>*Le bheith cáilithe, is gá go mbeadh iarrthóirí incháilithe faoi dháta aon tairisceana fostaíochta.* |
| **An Scéim Dreasachta Luathscoir (ISER)** | Is coinníoll den Scéim Dreasachta Luathscoir (ISER), mar a leagtar amach i gCiorclán na Roinne Airgeadais 12/09 í, go bhfuil cosc orthu siúd a chuaigh ar scor faoin Scéim sin iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht chéanna ná san earnáil chéanna. Dá bhrí sin, ní fhéadfaidh daoine dá leithéid atá imithe ar scor iarratas a dhéanamh ar an bpost seo. |
| **An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (Ciorclán LG (P) 06/2013)** | Tá Scéim Iomarcaíochta Deonaí do na hÚdaráis Áitiúla tugtha isteach ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (Ciorclán LG (P) 06/2013). De réir théarmaí an Chomhaontaithe Chomhchoiteanna: Íocaíochtaí Iomarcaíochta do Sheirbhísigh Phoiblí dar dáta 28 Meitheamh 2012 arna sonrú thíos, coinníoll shonrach den Scéim VER sin nach mbeidh daoine i dteideal a n-athfhostú in aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí [arna shainmhíniú ag na hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009 – 2011 agus an tAcht |

| | |
|---|---|
| | um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Shingil agus Forálacha Eile) 2012] ar feadh tréimhse 2 bhliain ón dáta ar fhág siad an Scéim seo. Tá feidhm ag na coinníollacha seo chomh maith i gcás fostaíochta ar bhonn conradh seirbhíse (bíodh sé sin mar chonraitheoir nó mar fhostaí conraitheora). |
| **Ciorclán na Roinne Sláinte agus Leanaí (7/2010)** | I gCiorclán na Roinne Sláinte 7/2010 dar dáta an 1 Samhain 2010, tugadh isteach Spriocscéim Luathscoir Dheonaigh (VER) agus Scéimeanna Iomarcaíochta Deonaí (VRS). Coinníoll a bhaineann leis an scéim VER is ea nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim incháilithe d'athfhostú in earnáil na sláinte poiblí nó sa tSeirbhís Phoiblí trí chéile nó i gcomhlacht atá maoinithe go hiomlán nó go páirteach ag airgead poiblí. Baineann an toirmeasc céanna le hathfhostaíocht faoin scéim VRS, ach amháin gur tréimhse 7 mbliana atá i gceist leis an toirmeasc. Níl daoine a bhain leas as an scéim VER i dteideal a bheith páirteach sa chomórtas seo. Ní mór do dhaoine a bhain leas as an scéim VRS agus a d'fhéadfadh a bheith rathúil sa chomórtas seo a n-incháilitheacht (tréimhse na neamh-incháilitheachta a bheith éagtha) a chruthú. |
| **Comhaontuithe Comhchoiteanna: Íocaíocht Iomarcaíochta d'Fhostaithe sa tSeirbhís Phoiblí:** | I litir ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe dar dáta an 28 Meitheamh 2012 a seoladh chuig Oifigigh Phearsanra, tugadh isteach Comhaontú Comhchoiteann, le feidhm ón 1 Meitheamh 2012, a bhí aontaithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ag Coiste Seirbhísí Poiblí an ICTU maidir le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia d'Fhostaithe sa tSeirbhís Phoiblí. Coinníoll de chuid an Chomhaontaithe Chomhchoitinn is ea nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú incháilithe d'athfhostú sa tseirbhís phoiblí ag aon chomhlacht seirbhíse poiblí (mar atá sainmhínithe sna Bearta Éigeandála Airgeadais sna hAchtanna ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009 – 2011) ar feadh tréimhse dhá bhliain ó fhoirceannadh na fostaíochta. Ní mór do dhaoine a bhain leas as an scéim seo agus a d'fhéadfadh a bheith rathúil sa chomórtas seo a n-incháilitheacht (tréimhse na neamh-incháilitheachta a bheith éagtha) a chruthú. |
| **Dearbhú** | Éilítear ar iarrthóirí a chur in iúl má bhain siad tairbhe roimhe seo as scéim Seirbhíse Poiblí dreasachta luathscoir. Éilítear ar iarrthóirí freisin a chur in iúl má tá aon teidlíocht acu ar shochar pinsin Seirbhíse Poiblí (atá á íoc nó atá caomhnaithe) ó aon fhostaíocht eile sa tSeirbhís Phoiblí agus/nó sa chás go bhfuil íocaíocht-in-lieu faighte acu as seirbhís in aon fhostaíocht sa tSeirbhís Phoiblí. |
| **Tréimhse phromhaidh** | Déanfar an ceapachán a dheimhniú faoi réir ag dualgais an phoist a bheith á gcomhlíonadh go sásúil. |

| | |
|---|---|
| **Tréimhsí sosa** | Beidh feidhm ag téarmaí an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997 don cheapachán seo. |
| **Aoisliúntas agus Scor** | Tairgfear na téarmaí agus coinníollacha aoisliúntais cuí sin atá i bhfeidhm sa GRETB an uair sin don iarratasóir rathúil ag uair an cheapacháin. I dtéarmaí ginearálta, tairgfear ceapachán don té nár oibrigh ariamh sa tSeirbhís Phoiblí bunaithe ar bhallraíocht den Scéim Pinsin Shingil na Seirbhíse Poiblí ("Scéim Shingil"). Tá sonraí iomlána na Scéime ar fáil www.singlepensionscheme.gov.ie<br><br>Sa chás gur oibrigh an té atá le ceapadh i bpost seirbhíse poiblí inphinsin (téarmaí scéime nach Scéim Shingil é) sa 26 seachtain roimh an gceapachán nó go bhfuil sé nó sí ar shos gairme faoi láthair, d'fhéadfadh téarmaí éagsúla a bheith i bhfeidhm. Bunófar teidlíocht pinsin a leithéid de cheapaithe i gcomhthéacs stair a bhfostaíocht sa tseirbhís phoiblí.<br><br>Seo a leanas na príomhfhorálacha a bhaineann le ballraíocht den Scéim Shingil:<br>• **Aois Inphinsin**: Is í an íos-aois a mbeidh an pinsean iníoctha aici ná 66 bliain.<br>• **Aois Scoir:** Ní mór do bhaill na Scéime dul ar scor nuair a bheidh 70 bliain slánaithe acu.<br>• Baintear úsáid as meántuilleamh gairmréime chun sochair a ríomh (fabhraíonn pinsin agus cnapshuim gach bliain agus déantar iad a rátáil suas gach bliain trí thagairt don Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí - CPI). Nasctar arduithe i ndiaidh don duine dul ar scor leis an CPI. |
| **Laghdú Pinsin** | • Sa chás go raibh an ceapaí fostaithe cheana féin sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus go bhfuil pinsean á fháil aige ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí, nó sa chás go dtosófar pinsean Státseirbhíse nó Seirbhíse Poiblí á íoc i rith na hathfhostaíochta, beidh an pinsean sin faoi réir a laghdaithe de réir Alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. Tabhair faoi deara: Agus iarratas á dhéanamh agat ar an bpost seo, glacann tú go dtuigeann tú go mbeidh feidhm ag na forálalacha laghduithe, sa chás gur cuí. Níl sé i gceist go dtacóidh an Rannóg/an Oifig fostaithe le hiarratas ar tharscaoileadh laghduithe i ndáil le ceapacháin don phost seo<br><br>• Más rud é, áfach, go raibh an ceapaí fostaithe cheana féin sa Státseirbhís nó sa Seirbhís Phoiblí agus gur bronnadh pinsean air nó uirthi faoin scéim luathscoir dheonaigh (VER) (ach amháin an Scéim Dreasachta Luathscoir (ISER), Ciorclán 7/2010 VER/VRS na Roinne Sláinte nó Ciorclán LG(P) 06/2013 na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, a bhfágfaidh aon cheann acu go mbeidh an duine neamhcháilithe don chomórtas) tiocfaidh deireadh leis an teidlíocht don phinsean sin le héifeacht ó dháta an athcheapacháin. Déanfar impleachtaí maidir le teidlíochtaí faoin pinsean VER, go háirithe sa chás go ndearna an VER foráil do bhlianta breise, a chinneadh ag na téarmaí |

<table>
<tr><td></td><td>agus polasaithe a rialaíonn an VER faoi leith atá i gceist. Ba cheart dul i gcomhairle leis an Roinn Oideachais agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sula ndéantar an ceapachán go foirmeálta i ngach cás inar bhain an ceapaí féideartha leas as socrú VER roimhe sin sa Státseirbhís nó sa Seirbhís Phoiblí.</td></tr>
<tr><td>Ciorclán 102/2007 na Roinne Oideachais maidir leis an Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí.</td><td>Thug an Roinn Oideachais isteach Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí. Coinníoll den Scéim Luathscoir is ea é go scoirfear láithreach le híoc an phinsin le múinteoir sa chás go nglacann múinteoir le luathscor faoi Shnáithe 1, 2 nó 3 den scéim seo agus go bhfostaítear é nó í ina dhiaidh sin in aon cháil in aon réimse den earnáil phoiblí, ach amháin sna cásanna sin arna leagan amach in míreanna 10.2 agus 10.3 den doiciméadúchán a ghabhann leis an gciorclán ábhartha, agus sna cásanna sin amháin. Tosófar ag déanamh íocaíochtaí pinsin arís, áfach, ar scor a leithéid d’fhostaíocht nó ar an lá a bhainfidh an duine trí scór bliain amach, cibé acu is déanaí, ach ar atosú na n-íocaíochtaí sin, bunófar an pinsean ar seirbhís ináirithe iarbhír an duine mar mhúinteoir (i.e. ní chuirfear san áireamh na blianta breise a bronnadh roimhe sin nuair atá an íocaíocht pinsin á ríomh).</td></tr>
<tr><td>Scor ar Fhorais Dhrochshláinte (IHR)</td><td>Tabhair faoi deara go n-éilítear ar aon duine a chuaigh ar scor roimhe sin ar fhorais dhrochshláinte (IHR) faoi théarmaí a leithéid de scéim aoisliúntais a dhearbhú don eagraíocht a bhfuil an comórtas earcaíochta á riaradh aici, ag an gcéim tosaigh iarratais, go bhfuil a leithéid de phinsean á fháil acu.<br><br>Éileofar ar iarratasóirí freastal ar oifig an phríomhoifigigh leighis (CMO) chun measúnú a dhéanamh ar a gcumas seirbhís rialta agus éifeachtach a chur ar fáil, agus an riocht a cháiligh iad do Scor ar Fhorais Dhrochshláinte a chur san áireamh.<br><br>Ceapachán tar éis dul ar scor ón Státseirbhís ar fhorais dhrochshláinte:<br>Sa chás go n-éiríonn leis an iarratasóir sa chomórtas, ba cheart don iarratasóir a bheith ar an eolas faoin méid seo a leanas:<br><br>1. Sa chás go meastar iad a bheith sách aclaí seirbhís rialta agus éifeachtach a chur ar fáil agus go sannfar do phost iad, scoirfear an pinsean státseirbhíse a bronnadh orthu ar fhorais dhrochshláinte.<br>2. Sa chás go gcliseann ar an iarratasóir an tréimhse phromhaidh a chríochnú go rathúil nó go ndéanann siad an cinneadh an post a sannadh dóibh a fhágáil, níl cead filleadh ar an stádas IHR a bhí acu sa státseirbhís sula ndearna siad an t-iarratas, nó pinsean IHR na státseirbhíse a thabhairt ar ais, agus níl aon teidlíocht ar an gcéanna.<br>3. Beidh an t-iarratasóir ina b(h)all de Scéim Pinsin Shingil na Státseirbhíse (SPSPS) ar a cheapadh dóibh sa chás go raibh níos mó ná 26 seachtain de bhriseadh ina seirbhís phoiblí/státseirbhíse.<br><br>Ceapachán tar éis dul ar scor ón tSeirbhís Phoiblí ar fhorais dhrochshláinte:<br>1. Sa chás go bhfuil duine imithe ar scor ó chomhlacht seirbhíse poiblí, d’fhéadfaí a p(h)insean drochshláinte ón bhfostaíocht sin a bheith faoi réir a athbhreithnithe de réir na rialacha a bhaineann le dul ar scor ar fhorais dhrochshláinte faoin scéim sin.</td></tr>
</table>

| | |
|---|---|
| | 2. Sa chás go n-éiríonn le hiarratasóir, éileofar ar an iarratasóir ar a cheapadh dóibh a dhearbhú cibé an bhfuil pinsean seirbhíse poiblí (drochshláinte nó pinsean eile) á fháil acu nó nach bhfuil, agus d'fhéadfadh an pinsean seirbhíse poiblí sin a bheith faoi réir a laghdaithe.<br>3. Beidh an t-iarratasóir ina b(h)all de Scéim Pinsin Shingil na Státseirbhíse (SPSPS) ar a cheapadh dóibh sa chás go raibh níos mó ná 26 seachtain de bhriseadh ina seirbhís phoiblí/státseirbhíse. |
| **Fabhrú Pinsin** | Cuirtear teorainn de dhaichead bliain nó a choibhéis le líon na seirbhíse inphinsin a d'fhéadfadh duine aonair a fhabhrú thar gach scéim seirbhíse poiblí réamhbheitheach (téarmaí scéime nach Scéim Shingil é) le hAlt 52(6) den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012; sa chás go bhfuil níos mó ná daichead bliain seirbhíse inphinsin ar an 28 Iúil 2012, foráiltear le halt 52(7) go bhféadfaidís tairbhe na seirbhíse sin a choinneáil. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith aige sin do dhuine arna cheapadh a bhfuil cearta pinsin faighte aige/aici i bhfostaíocht seirbhíse poiblí roimhe sin. |
| **Ranníoc Saorálach Breise** | Tá an ceapachán seo faoi réir ag an Ranníoc Saorálach Breise (ASC) de réir an Achta um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017. Tabhair faoi deara: Tá a leithéid de ranníoca sa bhreise ar aon ranníoca aoisliúntais/ranníoca PPC atá de dhíth i ndáil le ballraíocht den scéim pinsin ábhartha. |
| **Saoire Uchtála / Chúramóirí / Thuismitheoirí / Force Majeure** | Bronnfar Saoire Uchtála / Chúramóirí / Thuismitheoirí ar an Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta de réir na socruithe arna n-údarú ag an Aire Oideachais agus Scileanna. Beidh feidhm ag forálacha an Achta um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998 agus ag aon Acht a tháinig in ionad an Achta sin nó a leasaigh an tAcht sin do Shaoire Force Majeure. |
| **Saoire Bhreoiteachta** | Bronnfar Saoire Bhreoiteachta de réir na nósanna imeachta agus coinníollacha fadbhunaithe atá i bhfeidhm do chomhaltaí foirne an Bhoird Oideachais agus Oiliúna go ginéarálta. |
| **Ginearálta** | Cur síos atá sa mhéid thuas ar phríomhchoinníollacha na seirbhíse agus ní sé ceaptha a bheith ina liosta cuimsitheach de gach téarma agus coinníoll den fhostaíocht, a leagfar amach i gconradh fostaíochta an iarratasóra rathúil iad. |
| **Imréiteach Slándála** | Tá an Bord Oideachais agus Oiliúna cláraithe leis an Aonad Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin. Is cuid de phróiseas earcaíochta agus roghnúcháin an Bhoird é go bhféadfadh gach tairiscint fostaíochta a bheith faoi réir ag nochtadh don Aonad Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin. |
| **Rúndacht agus Saoráil Faisnéise** | Déileálfar le gach iarratas go rúnda, faoi réir ag forálacha an Acht um Saoráil Faisnéise, 2014.<br><br>Is faoi rún daingean a chaithfear le gach fiosrúchán, iarratas agus gach gné den phróiseas, agus ní nochtfar d'aon duine iad, lasmuigh dóibh siúd a bhfuil baint |

| | |
|---|---|
| | dhíreach acu leis an ngné sin den phróiseas. Déanfar míreanna áirithe eolais, nach bhfuil sainiúil d'aon duine faoi leith, a asbhaint ó thaifid ríomhaireachta chun críocha staitistiúla ginearálta. |
| **Cosaint Sonraí** | Déanann an Bord Oideachais agus Oiliúna sonraí a phróiseáil i gcomhlíonadh leis an reachtaíocht reata maidir le Cosaint Sonraí. |
| **Iarratas a mheas a bheith tarraingthe siar** | Ní bheidh aon éileamh ar bhreithniú ag iarrthóirí nach bhfreastalaíonn ar agallamh ná ar thástáil eile ag an am agus san áit a n-éilíonn an Bord Oideachais agus Oiliúna nó nach gcuireann aon fhianaise ar fáil, ar iarratas, a theastaíonn ón mBord Oideachais agus Oiliúna maidir le haon ábhar atá ábhartha dá n-iarrthóireacht. |
| **Eolas tábhachtach eile** | Ní bheidh aon fhreagracht ar an an mBord Oideachais agus Oiliúna as aon speansas a thabhaíonn iarratasóirí orthu féin a aisíoc.<br><br>Níltear le talamh slán a dhéanamh de go bhfuil an Bord Oideachais agus Oiliúna sásta go gcomhlíonann duine riachtanais an phoist nó nach bhfuil siad dícháilithe faoin dlí an post a bheith acu díreach mar go scaoiltear isteach sa chomórtas iad, nó go dtugtar cuireadh dóibh freastal ar agallamh, nó go bhfaigheann siad litir ag rá go raibh toradh dearfach acu.<br><br>Déanfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna, sula molann sé go gceapfaí aon iarratasóir don phost, gach fiosrúchán a mheastar a bheith riachtanach chun oiriúnacht an iarratasóra sin a dheimhniú. Ní féidir an cinneadh deireanach a dhéanamh go dtí go mbeidh gach céim den phróiseas earcaíochta críochnaithe, agus ná measfar agus ná déantar talamh slán de go bhfuil a leithéid de chinneadh déanta go dtí sin. Sa chás go ndiúltaíonn an duine a mholtar don phost é, nó i ndiaidh dóibh an post a bheith glactha acu, scaoileadh leis arís, nó sa chás go dtagann folúntas eile chun cinn, d'fhéadfadh an Bord Oideachais agus Oiliúna, faoin lánrogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh go gceapfaí an duine sin don phost bunaithe ar thoradh an phróisis roghnúcháin.<br><br>**Ba cheart d'iarratasóirí a thabhairt faoi deara go ndílcháilfear iad má dhéanann siad aon iarracht canbhasáil.** |
| **Conas iarratas a dhéanamh** | Ní mór d'iarratais a bheidh seolta isteach ar líne faoin **12 Meánlae Dé Luain, 31 Lúnasa 2026.**<br><br>Ní mór gach rannán den fhoirm iarratais a chomhlánú go hiomlán.<br><br>Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an spriocam agus an spriocdháta.<br><br>Níor cheart talamh slán a dhéanamh de go bhfuil an Bord Oideachais agus Oiliúna sásta go gcomhlíonann duine na riachtanais díreach ar an mbunús gur tugadh cead dó/di a bheith páirteach sa chomórtas, nó gur tugadh cuireadh dó/di tabhairt faoi thástálacha nó freastal ar agallamh. |

| | |
|---|---|
| | **Nótaí**<br>Tabhair faoi deara gurb é freagracht an iarratasóra é a chinntiú go bhfaightear a (h)arratas in am. Ní bheidh an Bord Oideachais agus Oiliúna freagrach as aon deacracht theicniúil atá ag an seoltóir agus é/í i mbun an t-iarratas a sheoladh. **Moltar go láidir d'iarratasóirí mar sin iarratais a bheith leagtha isteach acu i bhfad roimh an spriocdháta, 12 Meánlae Dé Luain, 31 Lúnasa 2026.**<br><br>Seolfar admháil nuair a fhaighimid iarratas. Féachfaimid leis an méid is mó d'fhógra agus is féidir a thabhairt maidir le dátaí agallamh etc. Ba cheart d'iarratasóirí iad féin a chur ar fáil ar an dáta/na dátaí atá sonraithe ag an mBord Oideachais agus Oiliúna. |
| **D'fhéadfadh iad seo a leanas a bheith i gceist leis an bPróiseas Roghnúcháin** | • Gearrliosta iarrthóirí a chur i dtoll a chéile bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh ina n-iarratais.<br>• Réamhagallamh cáilithe<br>• Agallamh iomaíoch, a d'fhéadfadh láithreoireacht a bheith i gceist leis<br>• Seiceáil teistiméireachtaí |
| **Gearrliostú** | Is iondúil go mbíonn líon na n-iarratas a fhaightear do phost níos mó ná sin atá ag teastáil chun na folúntais reatha a líonadh. Bíodh is go bhféadfá riachtanais incháilitheachta an chomórtais a chomhlíonadh, sa chás go bhfágann an líon iarratasóirí don phost nach mbeadh sé praiticiúil gach duine a chur faoi agallamh, d'fhéadfadh an Bord Oideachais agus Oiliúna an cinneadh a dhéanamh úsáid a bhaint as próiseas gearrliostaithe chun an grúpa a bhfuil agallamh le cur orthu a roghnú, ar iarratasóirí iad sin a bhfuil an chosúlacht orthu gurb iad is feiliúnaí don phoist, bunaithe ar iniúchadh a dhéanamh ar na doiciméid a cuireadh ar fáil.<br><br>Níl sé le tuiscint uaid sin go bhfuil na hiarratasóirí eile mífheiliúnach, nó nach bhfuil siad in ann an dualgais an phoist a chomhlíonadh, díreach go bhfuil roinnt iarratasóirí ann a bhfuil, prima facie, cáilíochtaí níos fearr acu agus/nó a bhfuil níos mó taithí acu.<br><br>Agus iad i mbun aon ghearrliostú atá le dénamh, déanfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna na foirmeacha iarratais a iniúchadh, agus déanann sé measúnú orthu i gcoinne critéir réamhshainithe bunaithe ar riachtanais an phoist. Is ar do leas féin é mar sin cuntas mionsonraithe agus cruinn a thabhairt ar do cháilíochtaí/taithí ar an bhfoirm iarratais. |
| **Ceisteanna** | Má bhíonn aon cheisteanna agat, le do thoil déan teagmháil le recruitment@gretb.ie |

## Aguisín 1

## Foirm Iarratais ar Bhonn Inniúlachta a Líonadh

Éilíonn Foirm Iarratais ar Bhonn Inniúlachta ortsa, an t-iarrthóir, cur síos a dhéanamh ar roinnt de do chuid éachtaí persanta go data a léiríonn inniúlachtaí áirithe (scileanna agus tréithe riachtanacha) is gá don phost a bhfuil iarratas á dhéanamh agat air. Is gá gach réimse ceisteanna a chomhlánú.

Tugtar sainmhíniú ar gach scil nó tréith do gach inniúlacht. Iarrtar ort ansin cur síos a dhéanamh ar chás, ó do thaithí, a mheasann tú gurb é an sampla is fearr é dá bhfuil déanta **AGAT** a léiríonn an scil nó an tréith seo. Tá sé riachtanach go ndéanann tú cur síos ar an gcaoi a léirigh **tusa** an scil nó an tréith faoi thrácht.

Comhairlítear duit gach a scríobhann tú a leagan amach sa chaoi is go dtugann tú eolas ar leith faoina bhfuil déanta agat, e.g. ná habair díreach go raibh " rath ar X", déan cur síos go díreach ar a ndearna tú agus mar a léirigh tú an scil nó an tréith faoi thrácht.

Le haghaidh gach sampa, cuir a leanas sa chuntas:
a) Nádúr an taisc, na faidhbe an chuspóra.
b) An méid a rinne tú go díreach agus mar a léirigh tú an scil nó an tréith (agus, nuair is cuí, an dáta ar a léirigh tú í).
c) Toradh an cháis, agus do mheastachán ar an sciar den chreidiúint ar féidir leatsa a mhaíomh as an toradh sin.

Le do thoil, ná húsáid an sampla céanna chun do fhreagra a léiriú i níos mó ná dhá réimse scile.

Le do thoil, tabhair faoi deara, dá nglaofaí ort chun agallaimh, go bhféadfadh an bord **samplaí breise** a iarraidh inar léirigh tú na scileanna is gá don phost seo. Is ceart duit, mar sin, smaoiniú ar roinnt samplaí inar léirigh tú gach ceann de na scileanna faoi thrácht.

---

## Na Príomhinniúlachtaí atá ag Teastáil don Ról

| | |
|---|---|
| **Ceannaireacht Foirne** | • Déanann cion tairbhe gníomhach d'fhorbairt straitéisí agus polasaithe GRETB;<br>• Tiomanta ardleibhéil feidhmíochta a chothú agus a choinneáil, agus aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna feidhmíochta de réir mar a thagann siad chun cinn;<br>• Déanann breithniú ar éifeachtacht torthaí i dtéarmaí níos leithne ná díreach a réimse sainiúil féin; |

| | |
|---|---|
| | • Déanann sainmhíniú soiléir ar chuspóirí/spriocanna agus déanann tascanna a tharmligean go héifeachtach, rud a spreagann úinéireacht agus freagracht astu;<br>• Forbraíonn cumas daoine eile trí aiseolas agus cóitseáil agus trí dheiseanna d'fhorbairt scileanna a fhorbairt;<br>• Aithníonn agus tapaíonn deiseanna chun cainéil sheachadta nua agus nuálaíocha a chur chun feidhme. |
| **Nuálaíocht agus Cruthaitheacht** | • Spreagadh a thabhairt d'fhorbairt modhanna nua chun an Ghaeilge a chur chun cinn laistigh de scoileanna agus ionaid GRETB mar aon leis an bpobal níos leithne, agus cinntiú go mbeidh na modhanna sin ag ailíniú le cuspóirí na heagraíochta.<br>• Réitigh chruthaitheacha a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá le sárú in oideachas trí mheán na Gaeilge, cosúil le bearnaí acmhainní nó rannpháirtíocht na bhfoghlaimeoirí, agus ag féachaint ag an am céanna le bheith i mbun feabhais leanúnaigh.<br>• Úsáid a bhaint ar bhonn eiseamláireach as na teicneolaíochtaí agus uirlisí digiteacha sin atá ag teacht chun cinn chun an teanga a chur chun cinn, mar aon le teagasc agus foghlaim, agus éifeachtacht agus nuálaíocht a chothú laistigh den GRETB.<br>• Spreagadh a thabhairt do chultúr na cruthaitheachta i measc foirne agus páirtithe leasmhara, agus iad a chumhachtú cuir chuige nua chun an Ghaeilge agus cultúr na hÉireann a imscrúdú agus a chur chun feidhme.<br>• Féachaint go réamhghníomhach le deiseanna a fháil comhoibriú le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha, agus smaointe agus cláir nua a cheapadh a thacóidh le cur chun cinn na Gaeilge agus na Gaeltachta.<br>• Léiríonn solúbthacht agus meon fadbhreathnaitheach a bheidh in ann teacht roimh riachtanais an todhchaí, agus dul in oiriúint dóibh, agus ag an am céanna ardchaighdeán seachadta seirbhíse a choinneáil. |
| **Anailís agus Cinnteoireacht** | • Bailíonn agus déanann sé/sí anailís ar fhaisnéis ó earnálacha ábhartha, idir fhoinsí airgeadais, uimhriúla nó eile, agus meánn raon fachtóirí criticiúla;<br>• Nuair atá sé/sí i mbun cinnteoireachta, cuireann sé/sí aon saincheist níos leithne san áireamh, mar aon leis na himpleachtaí gaolmhara;<br>• Baineann sé/sí úsáid as saineolas agus an taithí atá gnóthaithe aige/aici roimhe seo chun treoir a thabhairt do chinntí;<br>• Déanann cinntí iontaofa a bhfuil réasúnaíocht mhaith taobh thiar dóibh, agus seasann leo;<br>• Cuireann sé/sí réitigh chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna; |
| **Torthaí a Bhainistiú agus a Sheachadadh** | • Glacann sé/sí le freagracht agus tá sé/sí cuntasach as cuspóirí comhaontaithe a sheachadadh;<br>• Déanann sé/sí bainistíocht ar raon tograí éagsúla agus gníomhaíochtaí oibre ag an am céanna go rathúil; |

| | |
|---|---|
| | • Tá sé/sí in ann a c(h)uid oibre féin, agus obair daoine eile, a struchtúrú agus a eagrú go héifeachtach;<br>• Tá cur chuige loighiciúil agus pragmatch aige/aici, agus seachadann na torthaí is fearr agus is féidir leis na hacmhainní atá ar fáil;<br>• Tarmligeann sé/sí obair go héifeachtach, agus tugann eolas soiléir agus fianaise maidir lena bhfuil ag teastáil;<br>• Aithníonn sé/sí go réamhghníomhach réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu agus forbraíonn moltaí praiticiúla le haghaidh a gcur i bhfeidhm;<br>• Léiríonn sé/sí díograis maidir le forbairtí nua/cleachtais oibre a bhfuil athrú ag teacht orthu, agus déanann a d(h)ícheall na hathruithe sin a chur i bhfeidhm go héifeachtach;<br>• Cuireann sé/sí córais/próisis chuí i bhfeidhm chun go mbeifear in ann seiceáil cáilíochta a dhéanamh ar gach gníomhaíocht agus aschur;<br>• Tá fócas láidir aige/aici ar sheirbhís ar ardchaighdeán a sheachadadh do chustaiméirí, idir chustaiméirí inmheánacha agus seachtracha an GRETB; |
| **Scileanna Idirphearsanta & Cumarsáide** | • Cothaíonn agus coinníonn sé/sí teagmhálacha le comhghleacaithe agus le geallshealbhóirí eile chun cabhrú leis/ léi a ról a chomhlíonadh;<br>• Feidhmíonn sé/sí mar nasc éifeachtach idir baill foirne agus an bhainistíocht shinsearach;<br>• Spreagann sé/sí pléití oscailte agus cuiditheacha maidir le saincheisteanna oibre;<br>• Cuireann sé/sí in iúl go bhfuil sé/sí an-tiomanta, agus meallann an fhoireann trí eolas ábhartha a nochtadh dóibh agus na tairbhí a léiriú;<br>• Caitheann sé/sí le daoine eile le stuaim, cuirtéis agus meas, fiú nuair atá cúinsí dúshlánacha i gceist;<br>• Cuireann sé/sí faisnéis i láthair ar bhealach soiléir gonta agus muiníneach agus é/í ag caint nó ag scríobh; |
| **Saineolas agus Féin-Fhorbairt** | • Forbraíonn agus coinníonn sé/sí na scileanna agus an saineolas atá de dhíth chun feidhmiú go héifeachtach sa ról, mar shampla, teicneolaíochtaí ábhartha, córais TF, beartais ábhartha etc.;<br>• Tá tuiscint shoiléir aige/aici ar a ról, a c(h)uspóirí agus a spriocanna féin, agus na foirne, agus ar an gcaoi a mbaineann siad le hobair an aonaid agus na Rannóige/na hEagraíochta, agus cuireann an tuiscint sin in iúl do dhaoine eile ar an bhfoireann;<br>• Tá sé/sí réamhghníomhach maidir le coinneáil chun dáta leis na saincheisteanna agus na forbairtí móra a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a réimse féin, ar an GRETB nó ar an tseirbhís phoiblí ar bhonn níos leithne;<br>• Tá saineolas suntasach aige/aici ina réimse féin; |